# Ar mhaith leat bheith id' Bhean / Fhear a' Tí?

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

**Tá Coláistí Chorca Dhuibhne ag lorg teaghlaigh sa cheantar a bheadh sásta scoláirí Gaelainne a choimeád ina dtithe ar roinnt d'ár gcúrsaí.**

Ar mhaith leat cuid d'ár saibhreas teangan a roinnt le foghlaimeoirí óga?




Más í an Ghaelainn teanga an tí agus má tá cúpla seomra leaba le spáráil agat, b'fhéidir go mbeadh fonn ort tabhairt faoi!

Bíonn íocaíocht na mBan / bhFear ar fad tí **saor ó cháin**.



Teacht Isteach samplach:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6 | × | 1 x cúrsa coicíse | = | **€2,562** |
| 12 | × | 1 x cúrsa coicíse | = | **€5,124** |
| 16 | × | 1 x cúrsaí coicíse | = | **€6,832** |

Saor ó cháin

Íocaíochtaí don scoláire:

- Bíonn deontas €12 an scoláire in aghaidh na hoíche ó Roinn na Gaeltachta.
- Tugann Coláistí Chorca Dhuibhne €18.50 an scoláire in aghaidh na hoíche.
- *Bíonn íocaíocht i dtreo na haibhléise do chúrsaí chomh maith. T&Cs i bhfeidhm.*

**Iomlán €30.50 an scoláire in aghaidh na hoíche nó €427 an scoláire do chúrsa coicíse**


# Eolas Ginearálta


- Bíonn an teacht isteach a fhaigheann bean/fear an tí saor ó cháin.
- Bíonn Deontas Caipitil ar fáil (suas le **€8,000,** de réir coinníollacha áirithe) chun do thigh a chur in oiriúint.
- Bíonn cúrsaí á rith againn ó Mhí Eanáir go lár Mheán Fómhair.
- Ritear cúrsaí 7 / 14 lá thar 18 seachtaine ar fad i rith na bliana d'Ábhair Oidí (aois 18-21) agus do dhaltaí óga (aois 12-18).
- Is gá glacadh le scoláirí ar **3 chúrsa** ar a laghad i rith na bliana (iomlán de 5-6 seachtaine). Meitheamh an mhí is mó éilimh. Dá mhéid cúrsaí gur féidir leat glacadh leo, is ea is fearr é!
- Is gá bricfeast, lón pácáilte, dinnéar agus suipéar a chur ar fáil gach lá do na scoláirí. Bíonn riachtanaísí speisialta bídh ag roinnt scoláirí.
- Beidh na scoláirí imithe ón dtigh ag freastail ar ranganna óna 9rn go 5in Luan go hAoine (1in ar an Satharn) agus go dtí an gCéilí gach tráthnóna óna 7.30in-9.30in.
- Cuirfear bus ar fáil do na scoláirí chun freastal ar ranganna agus imeachtaí eile.
- Is gá 8.5m ciúbach an scoláire - spás sa tseomra leaba. Is féidir suas le seisear in aon tseomra amháin, ag brath ar thomhas an tseomra.
- Caithfidh an próiseas Grinnfhiosrúcháin a bheith comhlíonta ag gach Bean / Fear Tí.

COLÁISTÍ CHORCA DHUIBHNE

€8,000







Ofrálann Coláistí Chorca Dhuibhne seirbhís saor in aisce chun measúnú innealtóireachta a dhéanamh ar do thigh chun féachaint ar na nithe a bheadh le déanamh agat chun do thigh a chur in oiriúnt agus chun féachaint ar an líon scoláirí a bheadh ceadaithe agat a thógaint. Tá Deontas Caipitil suas le €8,000 ar fáil chun an tigh a chur in oiriúint, de réir coinníollacha na Roinne

## Íosmhéid de 3 chúrsa a chomhlíonadh i rith na bliana

### Ábhair Oidí

| | |
|---|---|
| Eanáir | 05/01/24-19/01/24 |
| Aibreán | 23/03/24-06/04/24 |
| Bealtaine | 04/05/24-18/05/24 |
| Iúil | 30/06/24-14/07/24 & 14/07/24-28/07/24 |
| Lúnasa / MF | 18/08/24-01/09/24 |
| Meán Fómhair | 02/09/24-16/09/24 |

### Daltaí Óga

| | |
|---|---|
| Cúrsa D | 02/06/24-15/06/24 |
| Cúrsa E | 16/06/24-29/06/24 |
| Cúrsa F | 30/06/24-14/07/24 |
| Cúrsa G | 15/07/24-28/07/24 |
| Cúrsa H | 29/07/24-11/08/24 |

### Daltaí Óga

| |
|---|
| R = 30/06/24-06/07/24 |
| S = 07/07/24-21/07/24 |
| U = 22/07/24-05/08/24 |



Tar chun cainte linn!

Tuilleadh Eolais: Páidí Ó Sé - 066-9156100; p.ose@cfcd.ie